Ná lig do **strus airgid** d'oideachas a chur i mbaol

Cuireann an **Ciste Cúnaimh do Mhic Léinn** tacaíocht airgid ar fáil do mhic léinn **lán-aimseartha nó páirt-aimseartha** a bhfuil deacrachtaí airgeadais acu agus iad ag freastail ar an gcoláiste.

CÉN ÚSÁID AR FÉIDIR LIOM A BHAINT AS?

Cuirtear an **Ciste Cúnaimh do Mhic Léinn** ar fáil chun cabhair a thabhairt le costais amhail:

- **Leabhair & ábhair ranga**
- **Cíos agus billí fóntais eile**
- **Bia**
- **Taisteal atá riach-tanach**
- **Costais cúraim leanaí**
- **Costais leighis a chlúdach**

D'fhéadfadh tacaíocht ón **gCiste Cúnaimh do Mhic Léinn** a bheith ar fáil freisin do mhic léinn atá ag déanamh Máistreacht Ghairmúil san Oideachas, chun costais amhail socrúcháin scoile a chlúdach.

CONAS IS FÉIDIR LIOM IARRATAS A DHÉANAMH?

Má tá tú i gcruachás airgeadais, ba cheart duit teagmháil a dhéanamh leis an oifig seirbhísí rochtana nó le hoifig seirbhísí na mac léinn chun tuilleadh eolais a fháil faoi iarratas a dhéanamh ar an **gCiste Cúnaimh do Mhic Léinn**.

Féach www.studentfinance.ie chun tuilleadh eolais a fháil

Tá an Ciste Cúnaimh do Mhic Léinn á bhainistiú ag an Údarás um Ard-Oideachas thar ceann na Roinne Oideachais agus Scileanna. Tá an Ciste Cúnaimh do Mhic Léinn comhchistithe ag Rialtas na hÉireann agus Ciste Sóisialta na hEorpa mar chuid de Chlár um Infhostaitheacht, Cuimsiú agus Foghlaim CSE 2014-2020.

Cláir Chisti Eorpacha Struchtúrtha agus Infheistiochta na hÉireann 2014–2020
Cómhaoinithe ag Rialtas na hÉireann agus ag an Aontas Eorpach

AN tAONTAS EORPACH
Ag Infheistiú i do Dhán
Ciste Sóisialta na hEorpa

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

HEA HIGHER EDUCATION AUTHORITY
AN tÚDARÁS um ARD-OIDEACHAS